



An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2019
(OR. en)

8699/1/19
REV 1

SPORT 45
SOC 326
SAN 221
JAI 421
RELEX 403
SUSTDEV 71

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe 8241/19 seo:	
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh chomh maith le hionadaithe Bhallstáit an Aontais ag teacht le chéile dóibh i dTionól na Comhairle maidir le Rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas - Glacadh

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an téacs de na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas, mar a chomhaontaigh an Mheitheal um an Spórt (WPS) ar an 4 Aibreán 2019.

Iarrtar, dá réir sin, ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar ar tháinig an Mheitheal um an Spórt (WPS) maidir leis an téacs atá i gceangal leis seo a dheimhniú agus cuirfear ar aghaidh é chuig an gComhairle (EYCS ar an 22-23 Bealtaine 2019) le go nglacfar é agus le go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**Dréacht-Chonclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe na mBallstát
ag teacht le chéile dóibh i dTionól na Comhairle maidir le rochtain ar an spórt do
dhaoine faoi mhíchumas**

**FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS
NA mBALLSTÁT AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE,**

DE BHRÍ GO

1. Meastar go mbeidh 120 milliún duine faoi mhíchumas san Aontas Eorpach faoi 2020. Cuireann an tAontas Eorpach comhionannas deiseanna agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas chun cinn. Cuid bhunúsach den straitéis is ea oibriú i dtreo Eoraip saor ó bhacainní¹.
2. Is iad na prionsabail ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 3, an sainmhíniú ar dheardh uilíoch mar a leagtar amach in Airteagal 2 agus na forálacha sonracha maidir le rannpháirtíocht sa saol cultúrtha, áineas, fóillíocht agus spórt mar a leagtar amach in Airteagal 30 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD)² atá ábhartha go háirithe maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i ngníomhaíochtaí spóirt ar bhonn comhionann le daoine faoi mhíchumas eile.
3. San Aontas Eorpach, is minic a luaitear an míchumas agus an tinneas mar chúiseanna gan a bheith ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí spóirt agus fisiciúla ³.

¹ <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1141#navItem-3>

² <https://www.un.org/development/desa/disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities.html>

³ TNS Opinion & Social (2018); An Spórt agus gníomhaíocht choirp, Eorabharaiméadar Speisialta 472; Suirbhé mar a d'iarr an Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr agus comhordaithe ag Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (Míchumas); Fieldwork, Nollaig 2017.

4. Is féidir an spórt a dhearadh go sonrach do dhaoine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil sé curtha in oiriúint dóibh d'fhonn rochtain a chumasú do dhaoine faoi mhíchumas, beag beann ar an gcineál lagaithe, bíodh sé fisiceach, intleachtúil nó céadfach. Faoi choinníollacha áirithe, is féidir an spórt do dhaoine faoi mhíchumas a chleachtadh i dteannta daoine gan mhíchumas, rud a léiríonn nádúr cuimsitheach an spóirt.
5. Aithnítear go forleathan luachanna an spóirt maidir le cuimsiú sóisialta, go háirithe an ról atá ag an spórt ó thaobh lánpháirtiú na mionlach agus na ngrúpaí imeallaithe a chur chun cinn agus a bhaint amach.
6. Tá méadú tagtha ar an tóir ar imeachtaí móra spóirt do dhaoine faoi mhíchumas, mar is léir ón lucht féachana teilifíse domhanda ollmhór a mheall na Cluichí Para-Oilimpeacha Samhraidh agus Geimhridh ba dhéanaí agus leis an gcleachtas leanúnach maidir le mórimeachtaí idirnáisiúnta a eagrú do dhaoine faoi mhíchumas.

LEAGANN SÍ BÉIM AR AN MÉID A LEANAS

7. Go bhfuil baol níos airde i gcás daoine faoi mhíchumas a bheith faoi réir mhíbhuntáiste socheacnamaíoch amhail rátaí na bochtaineachta agus na n-ioncam íseal, imeallú sóisialta, idirdhealú, rochtain theoranta ar mhargadh an tsaothair, rochtain theoranta ar iompar, líon níos lú deiseanna oideachais agus gnéithe a bhaineann leis an tsláinte. Go mbíonn tionchar diúltach ag na saincheisteanna sin ar na deiseanna atá ag an duine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spórt.
8. Go bhféadfadh go mbeadh ar dhaoine faoi mhíchumas dúshlán atá bainteach go díreach le comhthéacs an spóirt a shárú amhail:
 - a) Déine an lagaithe a d'fhéadfadh an tsoghluaisteacht a shrianadh agus fiú a bheith ina cúis le pian fhisiceach i gcásanna áirithe traenála nó imeartha spóirt. Gur féidir leis sin, in éineacht le bacainní éagsúla eile, a bheith níos measa mar gheall ar an tuiscint dhiúltach nó theorantach gur féidir a bheith ag an duine faoi mhíchumas ar an mhíchumas atá aige féin, go háirithe maidir le heaspa muiníne an duine ina chumas an spóirt a imirt.

- b) An gá atá le scileanna agus eolas speisialaithe maidir leis an míchumas a bheith ag daoine atá ag obair i measc daoine atá faoi mhíchumas mar chuid de ghníomhaíocht choirp atá ag plé leis an spórt, go háirithe múinteoirí corpoideachais, cóitseálaithe spóirt agus foirne eile spóirt.
 - c) Infhaighteacht ar infrastruchtúr spóirt inrochtana a bheith ar fáil i ndáil le traenáil spóirt nó saoráidí freastail, saoráidí spóirt inar féidir daoine faoi mhíchumas a chleachtadh, nó imeachtaí spóirt ar féidir le daoine faoi mhíchumas a bheith páirteach iontu.
 - d) Na costais bhreise airgeadais a bhaineann le trealamh spóirt nó seirbhísí tacaíochta speisialaithe a fháil, nach mbeadh sé indéanta an traenáil nó an imirt spórt sin a dhéanamh gan iad.
9. Ba cheart an rannpháirtíocht sa spórt a mheas ó thaobh cúrsaí spóirt a chleachtadh mar chineál gníomhaíochta coirp agus ón pheirspictíocht mar a bhaineann sé le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta, mar shampla freastal ar imeachtaí spóirt nó a bheith gníomhach i bpobal spóirt mar oibrí deonach, mar chomhalta de chlub spóirt nó de chlub lucht leanúna.
10. Is féidir leis an rannpháirtíocht sa spórt cuidiú le feabhas a chur ar fholláine dhaoine faoi mhíchumas agus ar a sláinte choirp agus intinne, agus ag an am céanna, soghluaisteacht phearsanta agus neamhspleáchas a mhéadú agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.
11. Bíonn buntáistí breise i gceist leis an spórt a chleachtadh do dhaoine faoi mhíchumas ó aois luath, mar gheall ar an éifeacht dhearfach ar fhorbairt mótarfheithiclí, rud atá ríthábhachtach chun cáilíocht fhoriomlán an duine a fheabhsú.

12. Is féidir leis an méadú ar an aird a thugann na meáin ar an spórt ag an scothleibhéal do dhaoine faoi mhíchumas nó ar lúthchleasaithe atá faoi mhíchumas daoine a spreagadh tabhairt faoin spórt, bíodh míchumas acu nó ná bíodh. Chun tarraingteacht an spóirt do dhaoine atá faoi mhíchumas a mhéadú, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh féachaint chuige go bhfaighidh an spórt do dhaoine faoi mhíchumas leibhéil leordhóthanacha airde ó na meáin, gan dochar do shaoirse na meán.
13. Is féidir leis an teicneolaíocht chúnta a bheith tábhachtach chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt, idir ghnáthleibhéal agus scothleibhéal na ngníomhaíochtaí spóirt. Mar sin féin, is féidir le cúrsaí infhaighteachta agus inacmhainneachta chuige sin a bheith ina n-ábhar imní.
14. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rialacha ó thaobh an frithdhópáil agus an cúbláil cluichí de a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh, chomh maith le measúnú cruinn ar an míchumas agus úsáid chothrom na teicneolaíochta cúnta a áirithiú, chun forbairt inbhuanaithe an spóirt a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas.
15. Baineann ríthábhacht le hobair dheonach san earnáil spóirt, lena n-áirítear an spórt do dhaoine faoi mhíchumas.
16. Tá sé tábhachtach gné na hinscne a chur san áireamh i straitéisí agus i mbeartais atá dírithe ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa spórt a mhéadú.
17. Is féidir leis an spórt foráil a dhéanamh chun ardán le haghaidh idirghníomhaíochtaí sóisialta idir daoine a chur ar fáil, bíodh míchumas acu nó ná bíodh, agus a chuireann an spórt chun cinn mar uirlis luachmhar i gcuimsiú agus i gcomhthuiscint a chothú.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

18. Tacú le feasacht shóisialta agus le feachtais oideachais do bhaill teaghlaigh, caomhnóirí dlíthiúla, cúntóirí pearsanta, múinteoirí corpoideachais, cóitseálaithe, baill foirne spóirt agus gníomhaithe ábhartha eile sa phobal spóirt, bíodh míchumas acu nó ná bíodh, d'fhonn cur chuige oscailte agus fáiltithe a chur chun cinn do dhaoine atá faoi mhíchumas chomh maith le tuiscint iomchuí ar na deiseanna agus na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt do chách, lena n-áirítear leanaí agus daoine fásta faoi mhíchumas. Cúnamh a thairiscint do bhaill teaghlaigh agus caomhnóirí dlíthiúla do dhaoine faoi mhíchumas nuair is iomchuí, d'fhonn rannpháirtíocht na ndaoine sin a chothú sa spórt.
19. Tacú le tuilleadh oiliúna a chur ar fáil do mhúinteoirí, cóitseálaithe, baill foirne spóirt agus saorálaithe i gcoitinne, bíodh míchumas acu nó ná bíodh, trína bhfeistiú leis an eolas is gá, leis na scileanna sonracha agus leis an inniúlacht iomchuí is cuí, chun a chur ar a gcumas daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh i suíomhanna fisiciúla éagsúla oideachais nó spóirt. Ba cheart sna cláir oiliúna sin na difríochtaí idir riachtanais daoine atá dírithe ar an rannpháirtíocht agus daoine atá dírithe ar an bhfeidhmíocht a chur san áireamh.
20. Gníomhú chun rochtain ar dhaoine ar an mbonneagar spóirt a chinntiú, bíodh míchumas acu nó ná bíodh, lena n-áirítear freastal ar imeachtaí spóirt, traenáil nó rannpháirtíocht sa spórt. Is iad na bearta gur féidir a bheith i gceist ná caighdeáin inrochtaineachta laistigh de shaoráidí spóirt a fhorbairt nó a fheabhsú, tacaíocht don duine aonair a sholáthar, cistí a chur ar fáil, feasacht a mhéadú i measc eagraíochtaí spóirt ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla faoi dheiseanna cistiúcháin atá ann cheana féin san Aontas Eorpach, nó rannpháirtíocht ionadaithe lúthchleasaithe atá faoi mhíchumas sna comhlachtaí spóirt ábhartha a éascú mar is iomchuí.

21. I gcás inarb iomchuí i gcórais náisiúnta scoile, cláir oideachais chuimsitheacha spóirt agus fhisiciúla a chur chun cinn, chun freastal ar riachtanais leanaí faoi mhíchumas, d'fhonn comhdheiseanna a thairiscint do gach leanbh trí spreagadh a thabhairt lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an spórt a spreagadh agus an spéis atá acu sa spórt a spreagadh.
22. Úsáid a bhaint as bealaí comhair atá ann cheana idir na Ballstáit chun malartú saineolais agus dea-chleachtais a chur chun cinn d'fhonn rochtain ar an spórt a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas.
23. Aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le lúthchleasaithe ardleibhéil agus ardfheidhmíochta i gcomhthéacs chomhdheiseanna agus neamh-idirdhealaithe maidir le daoine faoi mhíchumas, agus comhar agus malartú dea-chleachtas a chothú maidir leis sin idir na comhlachtaí atá freagrach as an spórt sna Ballstáit.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

24. Machnamh a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais a thairiscint d'eagraíochtaí atá tiomnaithe go sonrach leis an spórt a chur chun cinn le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus do ghnátheagraíochtaí spóirt a dhéanann gníomhaíochtaí spóirt a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas, inter alia ar mhaithe leis an dá phobal spóirt a thabhairt níos gaire dá chéile.
25. Bearta a chur chun cinn, agus tacú leo, i gcás inarb iomchuí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, maidir le bailiú staitisticí tráthrialta agus forbairt táscairí maidir le spórt agus míchumas, amhail rátaí rannpháirtíochta spóirt, bacainní ar rannpháirtíocht, líon na ndaoine faoi mhíchumas atá cláraithe le clubanna spóirt nó leibhéal an leasa sa spórt⁴.

⁴ I gcomhréir le hAirteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD)

26. Féachaint chuige san obair a bheidh ar bun ag grúpaí saineolaithe ábhartha rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach daoine atá faoi mhíchumas sa spórt a chuimsiú, lena n-áirítear na scileanna agus an oiliúint shonrach is gá maidir le cóitseáil do dhaoine faoi mhíchumas⁵.
27. Leas a bhaint as an gcuid mhaoinithe a bhaineann le clár Erasmus+ chun an spórt a chur chun cinn i measc daoine faoi mhíchumas agus malartú dea-chleachtais agus beartais idir Ballstáit agus páirtithe leasmhara a dhéanamh; as Ciste Sóisialta na hEorpa d'oiliúint ghairmiúil foirne spóirt nó le cuimsiú trí ghníomhaíochtaí spóirt; as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa chun dul i ngleic le hinrochtaineacht ar bhonneagair spóirt; agus úsáid a bhaint as torthaí taighde na dtionscadal arna gcistiú trí Fhís Eorpach nuair is iomchuí chun réitigh nuálacha a chothú chun daoine faoi mhíchumas a spreagadh páirt a ghlacadh sa spórt.
28. I gcás inarb iomchuí, na deiseanna maoinithe sin a chur chun cinn agus torthaí na dtionscadal sin a chur faoi bhráid dhaoine faoi mhíchumas, na n-eagraíochtaí spóirt agus na ngníomhaithe neamhrialtasacha ábhartha eile.
29. Feasacht a mhúscailt maidir leis na torthaí dearfacha a thiocfaidh as an obair atá á déanamh i réimse an spóirt do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an tionchar dearfach atá ag an spórt i dtéarmaí cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

30. Leanúint ar aghaidh ag cur an spórt san áireamh i ngníomhartha tábhachtacha a bheidh ann amach anseo a thacóidh le beartais mhíchumais sa todhchaí trí fhorbairt a dhéanamh ar an taithí go dtí seo i gcur chun feidhme na Straitéise Eorpaí um Míchumas reatha,

⁵ I gcomhréir le hAirteagal 30 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD)

31. I gcás ina bpléitear topaicí spóirt le comhpháirtithe sóisialta i bpróisis an idirphlé sóisialta ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, áirítear polasaithe agus bearta de chuid an Aontais a thugann aghaidh ar riachtanais daoine faoi mhíchumas agus rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha a chothú⁶.
32. An deis a thapú leis an nGradam Eorpach don Chathair is Inrochtana go bhfeicfear na cathracha a éascaíonn rochtain ar shaoráidí spóirt do dhaoine atá faoi mhíchumas, agus measúnú a dhéanamh ar eispéireas daoine faoi mhíchumas i leith an Chárta Míchumais Aontais Eorpaigh chun cur leis na leibhéil tinrimh ag imeachtaí spóirt ag daoine atá faoi mhíchumas freisin.
33. Saincheistean na spóirt maidir leis an spórt do dhaoine faoi mhíchumas ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a phríomhshruthú amhail déghairm le haghaidh lúthchleasaithe nó gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte (HEPA)⁷.

IARRANN SÍ AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

34. Páirt a ghlacadh i ndlúthchomhar le daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, i rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas ar gach leibhéal⁸ gníomhaíochtaí spóirt príomhshrutha a chur chun cinn, d'fhonn rannchuidiú le feidhm shóisialta agus oideachais spóirt a bhaint amach.
35. Leas a bhaint as sásraí dlúthpháirtíochta atá ann cheana, go háirithe ar an leibhéal gairmiúil spóirt, ionas gur féidir an spórt do dhaoine faoi mhíchumas a chistiú go leordhóthanach.

⁶ I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD).

⁷ <http://www.euro.who.int/en/health-topics/disease-prevention/physical-activity/activities/hepa-europe>

⁸ I gcomhréir le hAirteagal 30(5) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD)

36. Cur chuige cuimsitheach a ghlacadh nuair a bhíonn córais iomaíochta spóirt á ndearadh nó rannpháirtíocht sa spórt á gcur chun cinn go ginearálta trí bhearta a spreagadh amhail comórtais agus searmanais bhronnta a eagrú do lúthchleasaithe ag an am céanna agus san ionad céanna bíodh míchumas acu nó ná bíodh. Den mheon céanna, cuimsiú daoine faoi mhíchumas a éascú, i gcás inarb iomchuí, sna seisiúin traenála agus ar lucht foirne gan mhíchumas iad.
37. A áirithiú go bhfuil saoráidí traenála, spóirt agus fáilteachais inrochtana ag daoine faoi mhíchumas⁹, agus go bhfuil cóiríocht réasúnach ar fáil¹⁰ a thugann aghaidh ar riachtanais an duine atá faoi mhíchumas.
38. Feasacht a mhéadú i measc daoine faoi mhíchumas maidir leis na deiseanna cleachtais agus traenála spóirt reatha a bhfreagraíonn dá riachtanais.
39. Comhpháirtíochtaí a thógáil leis na gníomhaithe ábhartha institiúideacha atá san earnáil phríobháideach nó phoiblí agus atá gníomhach san earnáil míchumais, chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais agus leasanna daoine atá faoi mhíchumas agus chun rannpháirtíocht mhéadaithe i gcláir spóirt a spreagadh¹¹.

⁹ I gcomhréir le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD),

¹⁰ I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD)

¹¹ I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD)

Ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát mar seo a leanas

1. Go gcuireann Airteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh¹² i dtreis feidhm shóisialta agus oideachasúil an spóirt.
2. Go bhfuil an tAontas Eorpach ina pháirtí freisin de Choinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas¹³, agus a aithníonn, mar shampla, ceart daoine faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh ar bhonn comhionann le daoine eile maidir le saol cultúrtha, áineas, fóillíocht agus spórt.
3. An Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020: Tiomantas Athnuaite don Eoraip Saor ó Bhacainní, agus mar a bhaineann sé leis an spórt ina leagtar béim ar an ngá le hinrochtaineacht an spóirt a fheabhsú, chun rannpháirtíocht in imeachtaí spóirt a chur chun cinn agus chun imeachtaí spóirt ar leith do dhaoine atá faoi mhíchumas a spreagadh¹⁴.
4. Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú leis an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 a chur chun feidhme¹⁵
5. Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus +': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE¹⁶

¹² <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A12008E165>

¹³ <https://www.un.org/development/desa/disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities.html>

¹⁴ Doic.16489/10 - COM(2010) 636 críochnaitheach

¹⁵ IOAE C 300, 11.10.2011, lch. 1

¹⁶ IOAE L 347, 20.12.2013, lch. 50

6. An Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (2017-2020)¹⁷, a leagan béim ar leith ar chuimsiú sóisialta.
7. Na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag an spórt mar fhoinse agus mar thiomántán don chuimsiú sóisialta gníomhach¹⁸.
8. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid a chuireann an spórt le geilleagar an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe le haghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc daoine óga agus le cuimsiú sóisialta¹⁹.
9. Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an spórt mar ardán don chuimsiú sóisialta trí obair dheonach²⁰.
10. Conclúidí ón gComhairle maidir le ról chóitseálaithe sa tsochaí²¹.

¹⁷ IOAE C 189, 15.6.2017, lch. 5

¹⁸ IOAE 2010/C 326/04

¹⁹ IOAE C 32, 4.2.2014, lch. 2

²⁰ IOAE C 189, 15.6.2017, lch. 40

²¹ IOAE 2017/C 423/04